

## ✿ An Lúibín ✿

12 Iúil 2004

Nuachtlitir Choicisiúil



### Ar mhuin na toinne

*Surfing ,the iconic sport of Australian and Californian beaches, has reached Ireland.*

Is gearr ó dúirt Gaeilgeoir i mBaile Átha Cliath linn go raibh sé ag marcaíocht toinne (nó 'ag bruthaíocht') ag an deireadh seachtaíne sa Trá Mhór, Port Láirge. Aimsir Éireannach amach is amach, a dúirt sé, báisteach, grian, teas agus fuacht - gan puth gaoithe ar ndóigh, rud atá ag teastaíl más ag bruthaíocht atá tú. Dá ainneoin sin ba dheas an rud a bheith cois farraige, taobh amuigh den chathair.

As bruth farraige nó bruth le thír a fáisceadh an focal 'bruthaíocht' agus tá daoine ann freisin, is dócha, a déarfadh leat go raibh siad ag surfáil. Nílimid cinnte gur fearr 'marcaíocht toinne' ná ceachtar acu.

An bruth farraige agus na bristeacha is mó in Éirinn tá siad le fail amuigh san Iarthar, agus iad ag baint tuarite as na haillte, i dtreo is nach críonna an mhaise duit a ndúshlán a thabhairt. Caithfidh tú a bheith sásta le bruth bog farraige nach bhfuil inchomórtais leis na bristeacha móra a thagann sa mhullach ort ar a lán tránnna san Astráil. Ach baintear sult as an mbeagán, agus tagann na tonnta tréana ó am go chéile. Go maire siad an mhuij.

### LUAS

*Australia, by and large, has loved her trains; Ireland got rid of most of hers. Now the Irish government has had a change of heart.*

Bhí gá riamh ag an Astráil agus ag Meiriceá, tíortha leithne, le traenacha. Anseo i Victoria na hAstráile táthar ag athoscailt iarnróid a bhí ag déanamh meirge leis na blianta. Murab ionann is an Astráil fuair Éire réidh le formhór a gcuideanach a iarráidh i lár na haoise seo caite. Na busanna a dhéanfadh cúis, a dhuine chóir. Ansín tháinig ré na ngluaisteán - an iomarca acu. Rith sé le lucht pleannála go mb'fhéidir go raibh botún déanta acu, agus córas iompair na hÉireann ar an gceann ba mheasa in Iarthar Eorpa. Bheartaigh siad LUAS, córas lonrach traenach a thabharfadhl fiche milliún duine siar is aniar idir Baile Átha Cliath agus lár na tíre gach bliain. Bhí moill air agus moill eile, ach anois tá sé scaolté sios ó na bacáin.

Tá síul ag daoine go laghdóidh LUAS an méid gluaisteán atá ag plúchadh na príomhchathrach de ló is d'oíche, ach tá gearán géar le cloisteáil ón Iarthar, áit eile a bhfuil gá aici le traenacha. B'fhéidir go bhfeicfimis seirbhís iltíre ann amach anseo, cé go mbeidh cuid againn i gcré na cille faoin am sin. Ní bheidh doicheall ag cuairteoirí roimpi, gan trácht ar roinnt feabhsúchán eile - comharthaí soleáite, mar shampla.

Ba cheart d'Éirinn gréasán cuimsitheach iarnróid a bheith aici. Chaillfeadh an rialtas airgead leis gan amhras, ach b'fhiú an costas é agus buntáistí fadtéarmacha bonneagair curtha san áireamh, gan trácht ar chúrsaí timpeallachta. Is fearrde cúrsaí tráchtála, tionsclaíochta agus turasóireachta córas eifeachtach iompair a bheith ann, go háirithe i dtír ar ghreamaigh an rathúnas go mall di.

Scéal eile is ea cumhacht a sholáthar chuige, go háirithe más traenacha leictreacha atá i gceist. I Victoria tá an gléasra cumhachta ag brath ar ghual donn, breosla salach gan tathag. In Éirinn tá an hidrileictreachas ann (tá an mhóin beagnach ídithe mar bhreosla) ach ní fios an leor é feasta. Fágann sin an chumhacht núicléach, i measc rudaí eile – dóigh mhaith achrainn.

### Dhá fhichead agus an Déach

*The dual number in Irish – fascinating, and the devil's invention.*

Botún a chuir ag machnamh ar an ábhar seo sinn. San eagrán deireanach bhain *An Lúibín* úsáid as an abairt: 'dhá fhichid' – leagan mícheart míchuí míchumhra. 'Dhá fhichead' ba cheart a scriobh, ach cén fáth?

Teanga Ind-Eorpach í an Ghaeilge, agus bhí cion an diabhall ag na hInd-Eorpaigh ar uimhir nár bh uatha ná iolra í ach a dhéanfadh tagairt ar leith do bheirt. B'in an déach, agus cé gur tháinig meath air de réir a chéile tá a rian le feiceáil fós ar iompar (nó dhrochiompar) a dó/dhá. I seanGhaeilge bhí trí leagan den uimhir seo ann: *di* (baininscneach), *da* (firinscneach/neamhinscneach) agus *dib* (tar éis réamhfhocail, agus an fuaimniú *dibh* [d'iv'] leis). Urú a dhéantaí ar gach focal tar éis *dib* agus ar fhocail neamhinscneacha tar éis *da* agus *di*; dhéantaí séimhiú ar gach focal eile. Seo roinnt samplaí: *in di rígain* [in d'i ri:yan'] – an dá bhanríon; *in da thrén* [in da ðre:n] – an dá fhear thréana; *forsin dib n-ech* [forsin d'iv' n'ech] - ar an dá each. Bhíodh an aidiacht san iolra, mar atá inniu.

Tá roinnt cleasanna fós ag an uimhir seo, agus is iomaí foghlaimeoir a d'fhógair i tigh diabhall í dá bharr. Tóg mar shampla an chaoi nach n-athraíonn sí i ndiaidh na haidiachta sealbhaí, cé go fágann an aidiacht a gnáthrian ar an ainmfhocail féin ar an taobh eile den chlaí: *a dhá bhád, a dhá bád, a dhá mbád.*

Tá an déach beo fós san fhocal *beirt*, focal a bhaineann le daoine amháin de ghnáth, cé gur féidir é a úsáid i dtaca le rudaí freisin ach gan iad a lua go díreach: Cá mhéad hata atá agat? Beirt. (Ach ní deirtear riamh 'beirt hata').

Sa tabharthach a bhíodh ainmfhocail i ndiaidh 'dhá,' ach tá an tuiseal sin ligthe ar lár anois sa Chaighdeán, cé go bhfuil daoine ann fós a déarfadh 'dhá láimh' nó 'dhá bhróig'. Mar sin féin, bheadh súil agat de réir na rialach sin gur sa tabharthach a bheadh 'fiche' tar éis 'dhá' – i.e dhá fhichid. Ní hamhlaidh atá. Úsáidtear an fhoirm 'fichead' – foirm ghineadach ar a dealramh, ach feidhm dhéach léi anseo.

### Ganntanas uisce

*Ireland, awash with rain, has water shortages.*

Deir na nuachtáin Ghaeilge rud dochreidte: tá Éire gann in uisce. San Astráil tá seantaithí againn ar shrian a chur le húsáid an uisce (srian a bheidh i bhfeidhm an bliain ar fad i Melbourne feasta). In Éirinn thug Comhairle Contae Chiarraí is Comhairle Fhine Gall rabhadh gan an iomarca uisce a úsáid; i dtuaisceart Chontae Liatroma b'éigean do na húdaráis an t-uisce a ghearradh san oíche, agus déanfaidh Contae Ros Comáin an cleas céanna. Tá fadhbanna freisin i gContae Dhún na nGall.

Dealraíonn sé gur easpa screamhuisce (an t-uisce a fhanann tar éis báistí) is cúis leis an bhfadhb . D'iarr Institiúid Innealtóirí Éireann ar an rialtas táillí uisce a ghearradh ar thithe cónaitheacha

chun cuidiú le caomhnú uisce, agus tá Contae Ros Comáin ag brath ar mhéadair a chur i ngnólachtaí agus áitribh neamhchónaitheacha leis an méid uisce a úsáidtear a mheas agus táille a ghearradh dá réir – rud atá á dhéanamh i dtíortha áirithe eile le fada an lá.

Tá an Astráil breac le dambaí. An mbeidh Éire amhlaidh feasta?



### Scoileanna dúchais agus an dá chultúr

*In the north and west of Australia Aboriginal children are still being brought up with the languages of their ancestors. Bilingual education acknowledges this, but there is still official resistance.*

Tá Pitjantjatjara ar na teangacha bundúchasacha is bríomhaire fós san Astráil, agus is é Utju ("áit chung") an pobal Pitjantjatjara is faide ó thuaidh. Áit í atá i measc na sléibhte taobh thiar de Alice Springs, agus tá scoil dhátheangach ann. Sna ranganna is ísle den bhunscoil múintear léamh agus scríobh na teanga dúchais, agus labhairt an Bhéarla. Sna ranganna is airde den bhunscoil thosaítear ar léamh agus scríobh an Bhéarla a mhúineadh, cé go bhfuil leath na gceachtanna thíre fós ar an teanga dhúchais.

Sa mheánscoil déantar staidéar trí Bhéarla amháin; ach múineann daoine sinseartha eolas traidisiúnta do na daltaí uair sa tseachtain: scéalta, dlí, rince, conas bia a bhailíú agus a réiteach, an leigheas dúchasach, agus déanamh uirlisé. Gach téarma téann an scoil go léir amach faoin tuath. (Féach: [www.fatsil.org](http://www.fatsil.org).)

Sa bhliain 1972 chuir rialtas Whitlam beartas féinriarthá i bhfeidhm i gcomhair Bundúchasach agus Oileánaigh an Chaolais, rud ar lean bunoideachas sna teangacha dúchais é. Roimhe sin bhí mórán páistí bundúchasacha san Astráil Thiar, sa Líomatáiste Tuaisceartach, in Queensland agus san Astráil Theas á múineadh trí Bhéarla amháin – teanga nach raibh acu. Bhí formhór mór na múinteoirí dall ar fad ar dhúchas na bpáistí úd; i dtuaiseart na tíre is minic an scéal mar sin fós. Faoi láthair tá os cionn fiche scoil bhundúchasach ar fud na tíre mar a bhfuil teagasc dátheangach de shaghas éigin ar fáil.

Bhain an Rialtas Cónasctha feidhm as an sainmhíniú atá le fáil in Acht na Stát Aontaithe um Oideachas Dátheangach 1967:

Is éard atá in Oideachas Dátheangach ná dhá theanga, a bhfuil Béarla ar cheann acu, a úsáid chun na daltaí céanna a mhúineadh i gclár dea-eagraithe a bhfuil an curaclam go léir nó cuid de le fáil ann agus a ndéantar staidéar ann ar an stair agus ar an gcultúr a baineann leis an teanga dhúchais. Déanann clár ionlán féinmheas na bpáistí agus mórtas cuí as an dá chultúr a neartú.

San Astráil rinne Roghchoiste Theach na bhFeisirí um Oideachas Bundúchasach an cheist a fhiosrú, agus rinne siad amach go raibh cúiseanna maiithe ann le léamh agus scríobh sa chéad teanga a mhúineadh roimh é a dhéanamh sa dara teanga. Déantar dhá leath den obair. Is féidir leis an bpáiste léamh a fhoghlaim gan dua teanga nua a fháil san am céanna. Tuigeann an páiste an teanga dhúchais agus baineann ciall as a bhfuil le léamh aige dá réir; ansin féadann sé na bunsileanna úd a úsáid i léamh an Bhéarla, rud a thugann sásamh dó.

Dúirt an coiste go bhfuil baint ag an oideachas dátheangach leis an iomaíocht idir cothú an dúchais ar thaobh amháin agus eolas a fháil atá oiriúnach don saol amuigh ar an taobh eile.

Measann mórán nach bhfuil san oideachas dátheangach ach slí áisiúil chun léamh agus scríobh an Bhéarla a fhoghlaim (modh an ‘aistrithe’), ach measann mórán eile gur mhaith an tslí é chun teangacha bundúsacha a choinneáil beo chomh maith (modh an ‘chothaithe’). Shíl an coiste gur ar an dara modh ba cheart treise a chur. Sa bhunscoil faigheann páistí an chuid is mó dá n-oideachas trína dteanga dhúchais; de réir a chéile úsáidtear níos mó Béarla go dtí gurb é an phríomhtheanga theagaisc é, ach tugann an scoil aitheantas i gcónaí don dúchas.

Sa bhliain 1999 bhí conspóid agus cath focal ann nuair a d’fhógair Rialtas an Líomatáiste Thuaisceartaigh nach dtacóidis le haon chlár dátheangach feasta. Cinneadh é a tharraing neart eolaithe teangeolaíochta orthu, agus ní gan chuíis é. Ba léir gur shíl na polaiteoirí agus a lucht tacaíochta sa Roinn Oideachais gurbh é an Béarla eochair gach eolais, gan buiochas de na múinteoirí a bhain trial as an modh dátheangach agus ar thaitin sé go mór leo. Sáraíocht í nár tháinig deireadh fós léi.

Tá tuarascáil an Toghchoiste le fáil mar a leanas:

<http://www.austlii.edu.au/au/special/rsjproject/rsjlibrary/parliamentary/language/50.html>.



Colin Ryan  
[colger@melbpc.org.au](mailto:colger@melbpc.org.au)